

© European Union

An méid a tharla ag an gCuairt Staidéir in Éirinn

# Leanaí a nascadh le hÚdaráis Náisiúnta

#EUChildParticipation

2025

## FÉACH CÉN ÁIT A RABHAMAR AN 6-7 BEALTAINE 2025. IN ÉIRINN!

Thug an Coimisiún Eorpach agus rialtas na hÉireann cuireadh dúinn dul chuig Baile Átha Cliath! Bhí ár ngrúpa déanta suas de leanaí ó Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais agus ionadaithe Líonra an Aontais um Chearta Leanaí ó 11 tír de chuid an Aontais: An Ostair, an Chróit, an Bhulgáir, an Fhionlainn, an Ghréig, an Iodáil, Málta, an Phortaingéil, an tSlóvaic, an Spáinn agus an Ísiltír.


## CÉ NA RUDAÍ A D'FHOGHLAIMÍOMAR Ó ÚDARÁIS AGUS Ó LEANAÍ NA HÉIREANN?

D'fhoghlaimíomar a thábhachtaí atá sé go mbeadh leanaí rannpháirteach i gcinntí a dhéanamh faoi shaincheisteanna atá tábhachtach dóibh, agus conas an méid sin a dhéanamh go maith. Chuamar timpeall ar na grúpaí éagsúla, agus thug leanaí ó gach ceann díobh léargas ar an gcaoi a n-oibríonn gach ceann acu:

- **Comhairle na nÓg**: Comhairlí speisialta do leanaí agus do dhéagóirí (12-17) sna 31 cheantar áitiúil ar fud na hÉireann. Tacaíonn an rialtas leo.
- **Dáil na nÓg**: Parlaimint mhór don aos óg a bunaíodh in 2001, a bhíonn ar siúl gach dhá bhliain. Tagann thart ar 200 duine óg ó na 31 chomhairle óige áitiúla le chéile chun labhairt faoi shaincheisteanna atá tábhachtach dóibh. Bíonn pléití agus vótálacha acu, agus cuireann siad a dtuairimí in iúl maidir le hábhair atá tábhachtach dóibh féin agus dá bpobail.
- **Hub na nÓg:** Díríonn an oifig seo ar rannpháirtíocht leanaí. Cabhraíonn siad leis an rialtas agus le heagraíochtaí eile a chinntiú go mbíonn leanaí agus daoine óga páirteach i nithe atá tábhachtach dóibh, go háirithe iad siúd nach dtugtar éisteacht dóibh go minic.

Thug Charlie agus Iggy, cuid d'fhoireann chomhchruthaithe cumarsáide an Ardáin, cur i láthair maidir le rannpháirtíocht ar leibhéal an Aontais. Mhínigh siad cad a dhéanann an tArdán agus conas a rinne siad codanna de shuíomh gréasáin an Ardáin a chomhdhearadh.

In The Ark, ionad cultúrtha do leanaí, d'imríomar go leor cluichí cruthaitheacha, d'fhoghlaimíomar conas oibriú i bhfoireann, faoin gcaoi a bhfuilimid cosúil le chéile cé go bhfuilimid éagsúil, agus freisin faoi chearta leanaí ó Oifig Ombudsman do Leanaí de chuid na hÉireann.



# CÉ NA RUDAÍ A ROINN MUID LEIS NA TÍORTHA EILE AGUS LEIS NA LEANAÍ EILE?



Ar an dara lá, eagraíodh tráth na gceist maidir le cearta an linbh agus bhí plé ann faoi stiúir an Ollaimh Laura Lundy agus Blaze agus Maria (UNICEF Ireland). D'oibríomar i ngrúpaí ina dhiaidh sin, agus bhreathnaíomar ar chearta leanaí agus ar rannpháirtíocht inár dtíortha féin chun a fháil amach cé na rudaí atá ag obair go maith agus cé na rudaí is gá feabhas a chur orthu maidir leis an gcaoi a mbíonn ár dtíortha ag dul i ngleic le leanaí. Smaoinigh muid ar roinnt réitigh.

Seo thíos achoimre tapa ar an méid a pléadh maidir le rannpháirtíocht leanaí i ngach tír:

- **An Bhulgáir:** tá Comhairle Náisiúnta Leanaí ag an mBulgáir, ach tá níos mó grúpaí áitiúla de dhíth chun scoileanna a nascadh leis an gComhairle. Is é an aidhm atá ann struchtúir idirnasctha níos láidre a fhorbairt a chuirfidh ar a gcumas do leanaí a bheith cruthaitheach agus iad féin a chur in iúl, agus treoraíocht agus meantóireacht á gcur ar fáil an tráth céanna.
- **An Chróit:** tá comhairlí agus clubanna cathrach don aos óg sa Chróit, ach ní bhíonn mórán leanaí páirteach iontu. Ba mhaith leo go nglacfadh gach leanbh páirt iontu agus molann siad comhairle cathrach do leanaí a chruthú i ngach cathair.
- **An Fhionlainn:** deir bunreacht na Fionlainne go bhfuil sé de cheart ag leanaí éisteacht a fháil, ach tá bealach níos fearr de dhíth chun an méid sin a bhaint amach agus is mian leo cabhrú le múinteoirí, go háirithe agus iad ag plé le leanaí ar dídeanaithe iad.
- **An Ghréig:** tá parlaimint agus comhairle óige ag an nGréig, ach tá siad fós nua. Is mian leo cabhrú le leanaí cinntí a dhéanamh agus scoileanna agus cúram sláinte a fheabhsú.
- **An Iodáil:** is féidir le leanaí páirt a ghlacadh i ngrúpaí i scoileanna, ach is mian leo tuilleadh béime a leagan ar na grúpaí sin i ngach áit. Teastaíonn uathu go n-éistfeadh daoine le leanaí agus go ligfidís dóibh páirt a ghlacadh i níos mó grúpaí.
- **Málta:** tá comhairlí scoile agus eagrúcháin i Málta, ach tá gá ann iad a dhéanamh níos fearr. Teastaíonn córas níos láidre uathu ina mbeadh leanaí ó gach réimse páirteach agus tacaíocht níos fearr ó dhaoine fásta.
- **An Ísiltír:** tá an Ísiltír ag obair ar bhealaí níos fearr chun go mbeidh leanaí in ann páirt a ghlacadh trí fheabhas a chur ar an obair foirne idir comhairlí áitiúla agus comhairlí náisiúnta.
- **An Phortaingéil:** tá Comhairle Náisiúnta um Leanaí agus um an Óige agus tionóil áitiúla ag an bPortaingéil, ach ní mór iad a eagrú ar bhealach níos fearr agus tá gá ann freisin labhairt le leanaí.
- **An tSlóvaic:** tá parlaimintí óige áitiúla ag an tSlóvaic, ach ní mór do leanaí foghlaim faoina gcearta agus ní mór do dhaoine fásta teagmháil níos fearr a dhéanamh leo maidir le cúrsaí polaitiúla.
- **An Spáinn:** tá an Spáinn ag féachaint le hionadaíocht níos fearr a dhéanamh ar leanaí ó gach ceantar agus naisc níos láidre a chruthú idir comhairlí áitiúla, comhairlí réigiúnacha agus comhairlí náisiúnta.



© European Union

Tar éis na cuairte ar Éirinn, oibreoidh leanaí agus daoine fásta le chéile ar na pointí sin agus tiocfaimid le chéile ar líne chun a fháil amach conas mar atá ag éirí le gach duine.

# GUTHANNA DALTAÍ A CHUMHACHTÚ: AG FOGHLAIM Ó BREMORE ETSS

Thugamar cuairt ar Bremore Educate Together Secondary School i mBaile Brigín. Féach ar na cácaí a d’ullmhaigh Comhairle na nDaltaí dúinn!

Rinne na daltaí cur síos ar na bealaí a gcabhraíonn siad le guthanna na ndaltaí a chur in iúl, an scoil a choinneáil glan, rialacha atá fabhrach do leanaí a chruthú, agus páirt a ghlacadh i dtionscadail Eorpacha. Chuir siad ceardlann ar siúl freisin maidir le heolas a dhéanamh éasca le tuiscint do leanaí. Is mian le Comhairle na nDaltaí leanúint de bheith ag feabhsú, agus oibríonn siad le múinteoirí agus le ceannairí áitiúla chun a chinntiú go bhfuil na daltaí sásta agus rannpháirteach.



© Bremore ETSS

> **Táimid ag iarraidh go n-éistfear le gach dalta agus go gcuirfear a nguth chun tosaigh. Teastaíonn uainn timpeallacht scoile a chruthú atá sábháilte agus a thugann níos mó cumhachta do gach dalta.**

> **Trí ligean do dhaltaí cabhrú le cinntí a dhéanamh, ní hamháin go ndéanaimid réidh iad le bheith ina gceannairí amach anseo, ach cuirtear feabhas ar shaol na scoile freisin.**


© European Union

# CÉ NA RUDAÍ D'FHOGHLAIMÍOMAR ÓN GCUAIRT?


Chun a chinntiú go n-éistfear le guthanna leanaí agus go léireofar meas orthu, ba cheart do na Rialtais Náisiúnta an méid seo a leanas a dhéanamh:

- A chinntiú go bhfuil foinse chobhsaí airgid, oiliúna, daoine agus ábhar atá fabhrach do leanaí ann.
- Páirt a thabhairt do leanaí i gcinntí a dhéanann difear dá saol laethúil.
- A sheiceáil an dtagann fíorathruithe agus fíorfheabhsuithe as smaointe leanaí.
- Oiliúint maidir le cearta leanaí agus maidir le conas oibriú le chéile a thabhairt do dhaoine fásta agus do leanaí araon.
- Obair foirne idir leanaí agus daoine fásta a chur chun cinn chun torthaí níos fearr a bhaint amach.
- Cleachtais rathúla a chomhroinnt agus foghlaim ó chéile.


Chun a chinntiú go bhfuil spásanna ann ina mbraitheann leanaí muinín agus ina bhfuil sé de chumhacht acu a dtuairimí a roinnt, ba cheart do Rialtais Náisiúnta an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Teagmháil a dhéanamh le níos mó leanaí ó áiteanna éagsúla, grúpaí, aoiseanna, agus leanaí a labhraíonn teangacha éagsúla agus a chinntiú go mbeidh siad rannpháirteach
- Tacú le comhráite leanúnacha idir an óige agus daoine fásta
- Tuairisciú do leanaí agus treoirlínte soiléire a leagan amach maidir le conas an méid sin a dhéanamh agus cathain
- Níos mó cruinnithe a eagrú idir leanaí agus daoine fásta ó thíortha éagsúla
- A chinntiú go n-oibríonn grúpaí agus institiúidí éagsúla le chéile, amhail an rialtas, eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus scoileanna
- Labhairt amach faoi na buntáistí a bhíonn ann do chách nuair a bhíonn leanaí agus daoine óga ar thús cadhnaíochta agus nuair a roinneann siad a dtuairimí

Bhí sé iontach a fháil amach conas a chinntíonn Éire go mbíonn leanaí i lár an aonaigh nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh, agus conas a fhoghlaimíonn leanaí faoin daonlathas. Chonaiceamar conas is féidir múnlaí na hÉireann a úsáid inár dtíortha féin.


© European Union

# NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE



Bhí cruinniú ar líne againn an 3 Iúil, agus rinne muid machnamh ar an méid a d'fhoghlaimíomar ón gcuairt, pléifimid cad atá beartaithe ag leanaí agus ag ionadaithe náisiúnta a dhéanamh ina dhiaidh sin agus cén tacaíocht a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu chun é sin a bhaint amach.

Le linn an chruinnithe, d'úsáideamar bord smaointeoireachta, ar a bhféadfadh gach duine a gcuid gníomhaíochtaí agus a riachtanais tacaíochta a chur in airde.

Beidh leathanaigh thiomnaithe ar an suíomh gréasáin chun an t-eolas sin a roinnt, agus an méid a bhfuil gach tír ag obair air san áireamh. Déanfaimid obair leantach leo freisin sna míonna amach romhainn maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh.

- Físeán YAG 2024, Cruinniú Mullaigh maidir le Bochtaineacht agus Folláine Leanaí, Roinn an Taoisigh
- Físeán: Cárta Taisteal, Feidhmeannach Náisiúnta Chomhairle na nÓg (leis an gCoimisinéir McGrath)
- Físeán: Todhchaí an Chaidrimh agus Oideachas Gnéasachta in Éirinn, Feidhmeannach Náisiúnta Chomhairle na nÓg
- "The Spark" — Kabin Crew i gCorcaigh agus Lios Dúin Bhearna, Cruinniú na nÓg
- Baile | The Ark, Baile Átha Cliath. Gníomhaíochtaí Ealaíon Cruthaitheacha do Leanaí
- Bremore Educate Together: Instagram